Poill coinín

Tá roinnt béabhar ag spaisteoireacht sa choill. Siúlann siad i líne, béabhar amháin i ndiaidh a chéile. Tá coiníní tar éis poill a bhaint feadh bhealach na mbéabhar. Tá na poill chomh domhain sin go dtitfidh roinnt béabhar isteach iontu. Nuair a bheidh poll lán le béabhair, beidh na béabhair eile in ann siúl thar an bpoll. Ansin, dreapfaidh na béabhair amach ón bpoll, béabhar ar bhéabhar, agus rachaidh siad go bun na líne.

Léirítear sa sampla thíos an chaoi a dtéann cúig bhéabhar thar pholl amháin atá domhain go leor do thrí bhéabhar.



CEIST

Tá 7 mbéabhar agus trí pholl ann: tá spás do 4 bhéabhar sa chéad pholl, spás do 2 bhéabhar sa dara poll agus spás do 3 bhéabhar sa tríú poll. Cén t-ord ina bhfuil na béabhair tar éis na dtrí pholl?

A. 4 7 5 6 1 2 3

B. 6 5 7 4 3 2 1

C. 2 1 6 5 3 4 7

D. 5 7 6 1 4 3 2



Computational thinking resources for teachers by Maynooth University – pact.cs.nuim.ie
Original © 2014 Bebras, modifications © 2020 Maynooth University, Licence: CC-BY-NC-SA 4.0
Aistriúchán Gaeilge arna mhaoiniú ag COGG